Fada m’fhuireach óm fhior ghráidh
[RIA 92 (24/P/4), 271]
Diarma[i]d (Mac in Bhaird) cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Fada m’fhuireach om fhior gráidh
mas (ag) fuireach i-niogh do-ním
dob iongnadh mé d’fhuireach úaidh
gach húair de nach buidheach bím.
2 Mé re feadh na fáoilte a-muigh
mar aoidhidh gan techt da thoigh
dhamh-sa nocha sáimh mur sin
as annsa m’fhir graidh dom ghoin.
3 No an í eachtra an f[h]íaigh ón aoi
on mBrian-sa do mheruigh mé
no an ro shua[i]n a n-amhra í
no an crúaidh um ní tarla an té.
4 No an súr líneadh leabhar sean
ní díleas cheana mo chor
no an é gradh cuirme ro-m char
nár dhamh gan cuimhne ar a chrodh.
5 No an díoth cheana ar chúl na ndíog
dhuinne nacha seanadh súd(h)
gnúis fhuileach fa bfhoghtur éd
créd m’fhuireach ón onchoin úd.
6 Ní thuigiom sonna nach slad
no ’s uille rochomha rucc
no as é m’annsa ar-aon [do?] ob
no as fód [leg. fod?] raon an tann-sa tucc.
7 Cia dhiobh nach bfhuighinn on fhior
do dhíol an chuingidh ro-m car
ro cheana no freasdal fleadh
measdar ceadh fo-déra dhamh.
8 Fúath liom mo dhála fa dheóigh
’sa ttárrus do rinn a rúin
dol tar Bhrían le feruibh Fáil
níor cháir ríar ’na dheaghaidh dhúinn
9 Tar fhéin chláir bilinnsigh Breagh
’na dháil [do] dlighfinn-si dul
leam ar leath annsa ón fhior
ciodh dhamh-sa gan bheith ’na bun.
10 Dreach armghlan gan diomdha o dháimh
dob iongnadh ar n-an(a)mhuin úaidh
meince do ríar meisi a-mháin
mo sheisi graidh san trían thuaidh.
11 Gnúis fhíal lér téaghadh an tóir [272]
’na fhegmáis in(a) mbiam da bhrígh
san orchra-sa a ttám ’na dheóigh
lan beóil [an?] tolcha-sa an Trír.

12 Nochar thréigthe mac meic Bria[i]n
in tshlat ler teagradh in tír
gnúis fhíalnúa lér dhoiligh dréim
iarbhúa Í Néill oirir Ír.

13 Iarbhua Eimhir mheic meic Briain
an tshlat as reidhe fa ríar
tuir ágha in bheinni-si o Bhóinn
ceilsheisi as doigh cana ag cléir.

14 Úa airmheac Cholla Dha Chríoch
airghe borbshrotha tar (?) bhruach
ceinnbhile nar chlaon ar chách
craobh do bhlath derbhfhine Dúach.

15 Rún fuirigh re feitheamh rúag
beithir is buga fa shéad
an té as aonoighre ar Áogh Óg
craobh a f(h)ód gaolfhoirne Grég.

16 Sas ionnraimh achuidh na bFhionn
tamhan don fhíodhbaidh as f[h]éarr
díon tromairce teighle (trom) tonn
eigne lonn cumairce ceall.  Fada...